

Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas le haghaidh 2013

Clár Ábhar

| | |
|---|-----------|
| Achoimre Fheidhmeach..... | 3 |
| Príomhthorthaí in 2013..... | 4 |
| 1.1 Torthaí foriomlána – an sprioc 3% sáraithe don tríú bliain as a chéile | 4 |
| 1.2 Anailís de réir shaghas an chomhlachta earnála poiblí | 5 |
| Comhlachtaí Tráchtála..... | 6 |
| Ranna Rialtais | 6 |
| Rialtas Áitiúil | 6 |
| Comhlachtaí Neamhthráchtála..... | 6 |
| Comhlachtaí Poiblí ina bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann (PBCS)..... | 7 |
| Achoimre | 7 |
| 1.3 Anailís de réir mhéid an chomhlachta earnála poiblí..... | 8 |
| Comhlachtaí beaga poiblí (níos lú ná 50 comhalta foirne) | 9 |
| Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 50 agus 99 comhalta foirne..... | 9 |
| Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 100 agus 499 comhalta foirne..... | 9 |
| Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 500 agus 999 comhalta foirne..... | 9 |
| Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 1,000 agus 4,999 comhalta foirne..... | 9 |
| Comhlachtaí poiblí ina bhfuil breis agus 5,000 comhalta foirne..... | 10 |
| 2. An Próiseas Monatóireachta | 12 |
| 2.1 Spriocdhátaí a thuairisciú | 12 |
| 2.2 Errata – athruithe i ndiaidh an dáta foilsithe..... | 12 |
| 3. Na hathruithe a thuiscint..... | 12 |
| 3.1 Athruithe de réir shaghas na hearnála..... | 13 |
| 3.2 Athruithe de réir shaghas an chomhlachta..... | 14 |
| 3.3 Na hathruithe is airde ar fhostaithe a thug le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas | 15 |
| 4. An bealach ar aghaidh..... | 16 |
| 4.1 Athbhreithniú ar mholtaí 2012 | 16 |

| | |
|--|-----------|
| An sprioc 3% a chomháireamh i bpleanáil chun cinn don fhórsa oibre..... | 16 |
| Tarraingt ar thaithí ar éirigh léi..... | 17 |
| Monatóireacht níos éifeachtaí | 17 |
| 4.2 An íomhá níos fairsinge | 18 |
| Fíor 1: Earnálacha ina bhfuil líon ard fostaithe leis an Daonáireamh 2011 | 19 |
| 4.3 An cháilíocht faisnéise a sholáthraítear a fheabhsú..... | 20 |
| Aguisín A – Sonraí Roinn Rialtais faoin sprioc fostaíochta 3%..... | 22 |
| Aguisín B – Comhlachtaí poiblí eile..... | 23 |
| Aguisín C – Rátaí freagartha daonáirimh na foirne in 2013 agus rátaí freagartha | 33 |

Achoimre Fheidhmeach

Don tríú bliain as a chéile, sháraigh an chomhréir foirne sa tseirbhís phoiblí a thug le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas an sprioc 3% a leagtar amach san Acht um Míchumas, 2005. B'ionann agus 6,464 an líon fostaithe a bhí faoi mhíchumas in 2013, ar laghdú 147 é seo anuas ó 6,611 in 2012. B'ionann agus 192,575 an líon foriomlán fosataithe san earnáil phoiblí in 2013, ar laghdú 5,013 é seo anuas ó 197,588 in 2012.

Thug sé chomhlacht méaduithe de bhreis ar 15 le fios ar an líon daoine atá fostaithe atá faoi mhíchumas. Is iad na comhlachtaí siúd, An Post (+41), Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (+40), an tÚdarás Clárúcháin Maoine (+28), Raidió Telefís Éireann (+19), Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (+24) agus Ospidéal Naomh Séamas (+23).

Thug dhá chomhlacht phoiblí ar leith laghduithe substainteacha le fios ar an líon fostaithe a bhí faoi mhíchumas in 2013.

Thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath laghdú 126 fostaí a bhí faoi mhíchumas le fios. Tháinig laghdú ar an gcéatadán fostaithe a bhí faoi mhíchumas anuas ó 5% go dtí 3%. Is dealraitheach go mbaineann seo le hathrú ar an modh chun fostaithe faoi mhíchumas a chomhaireamh. Tugtar breis sonraí i gCuid 3 den tuarascáil seo.

Thug Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte laghdú suntasach 177 fostaí faoi mhíchumas le fios in 2013. Nuair a chuirtear méid na heagraíochta agus an laghdú foriomlán a tháinig ar fhostaithe FSS san áireamh, bhí laghdú beag céatadán le sonrú – anuas ó 2.2% go dtí 2.0%. Luaigh FSS go raibh líon daoine ann a d'fhág an bunachar sonraí fostaithe faoi mhíchumas le bliain féilire anuas.

Bhí dea-chomhlíonadh spriocdhátaí tuairiscithe ag coistí monatóireachta roinne le sonrú den chuid ba mhó in 2013.

De réir mar a thiocfaidh feabhas ar an timpeallacht gheilleagrach, tagann méadú ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil réamhghníomhach maidir le hearcú daoine faoi mhíchumas amach anseo. Agus aird ar an sprioc reachtúil fostaíochta míchumais, molaimid gur cheart go mbeadh an phleanáil réamhghníomhach sin ina príomhcheist don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as líonta na hearnála poiblí. Ba cheart go gcuirfeadh comhlachtaí poiblí aonair, comhlachtaí tráchtála ach go háirithe, a bhfuil féinrialáil

acu ar a leibhéal soláthair foirne agus a n-earcaíocht, feabhas ar a ndíriú sa limistéar seo.

Príomhthorthaí in 2013

I.1 Torthaí foriomlána – an sprioc 3% sáraithe don tríú bliain as a chéile

Sháraigh an chomhréir foirne a thug le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas an sprioc 3% don tríú bliain as a chéile. Bhí laghdú le sonrú ar an líon fostaithe faoi mhíchumas, agus ar an líon foriomlán fostaithe. B'ionann agus 6,464 an líon fostaithe a cuireadh i gcuntas in 2013, ar laghdú 147 é seo anuas ó 6,611 in 2012. B'ionann agus 192,575 an líon foriomlán fostaithe, ar laghdú 5,013 é seo anuas ó 197,588 in 2012. B'ionann go fóill an céatadán d'fhostaithe a cuireadh i gcuntas atá faoi mhíchumas agus **3.4%** in 2013, meadú beag ar an bfigiúir de 3.3% i 2012.

Tábla I: Dul chun cinn i dtreo Sprioc 3%, 2007-2013

| | lomlán na foirne | An líon foirne faoi mhíchumas a cuireadh i dtairfead | % d'iomlán na foirne |
|-------------|-------------------------|---|-----------------------------|
| 2007 | 238,833 | 5,879 | 2.5% |
| 2008 | 229,000 | 6,083 | 2.7% |
| 2009 | 219,653 | 6,380 | 2.9% |
| 2010 | 210,249 | 5,748 | 2.7% |
| 2011 | 205,067 | 6,171 | 3.1% |
| 2012 | 197,588 | 6,611 | 3.3% |
| 2013 | 192,575 | 6,464 | 3.4% |

Seo an tríú bliain as a chéile inar sáraíodh an sprioc fhoriomlán 3%. Táthar ag leanúint le baint amach na sprice a cuireadh i gcuntas i dtús báire in 2011. Is é an t-údar is dóichí atá leis an laghdú beag ar an líon foriomlán fostaithe faoi mhíchumas ná go ndeachaigh go leor den fhoireann ní ba shine ar scor. Cuireadh tús le hearcú daoine faoi mhíchumas sa státseirbhís i 1977 le hiomaíochtaí speisialta. Beidh go leor den fhoireann seo ar aois scoir nó ag druidim leis an aois sin agus d'fhéadfadh go bhfuil siad ag teacht i dtír ar na dreasachtaí reatha atá ann maidir le luathscor.

Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) go mór leis an toradh foriomlán 3.4%, arb ionann seo agus beagán le cois duine as gach triúr den fhoireann earnála poiblí. Dá bhfágfaí FSS as an áireamh ón anailís, b'ionann a bheadh an toradh don chuid eile den earnáil phoiblí agus 3.9% in 2013 agus 2012 araon.

Ar mhaithe leis an tuarascáil seo, úsáidtear líonta iarbhír d'fhostaithe i gcomhlachtaí poiblí ar ceanglaíodh orthu an sprioc a bhaint amach, seachas na Coibhéisí Lánaimseartha. Chuir 273 comhlacht figiúirí fostaíochta isteach le haghaidh 2013, agus rinne ceithre chomhlacht nua tuairisciú den chéad uair. Seoltar na sonraí do na 273 comhlacht ar ais in 239 tacar sonraí, mar gheall go seolann na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach aonair comhthuaisceán amháin. Díscaoileadh na boird seo an 15 Aibreán 2014, agus aistríodh an fhoireann chuig údarais áitiúla nó chuig Fiontraíocht Éireann. Ní chuirfear na boird fiontraíochta, ar an ábhar sin, san áireamh i dtuarascálacha amach anseo. Faoin Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, rinneadh Scoil Bhuachaillí Bhaile Osbeirn, Scoil Chailíní Bhaile Osbeirn agus Scoil Theach na Tríonóide a chomhdhlúthú isteach i gCampas Coinneála Leanaí Bhaile Osbeirn. Thug an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le fios go bhfuil an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (GCON) díolmhaithe ó thuairisciú an Achta um Míchumas.

As na 239 tacar sonraí a tuairiscíodh, sháraigh 152 comhlacht (55.7%) an sprioc 3% agus níor bhain 87 comhlacht an sprioc amach.

1.2 Anailís de réir shaghas an chomhlachta earnála poiblí

Catagóiríodh sonraí 2013 isteach sna cúig shaghas chéanna de chomhlachtaí poiblí a úsáideadh i mblianta roimhe seo:

- comhlachtaí tráchtála,
- ranna rialtais,
- comhlachtaí rialtais áitiúil,
- comhlachtaí neamhthráchtála agus
- comhlachtaí poiblí ina bhfuil státseirbhísigh mar fhoireann

In 2013, tháinig laghdú 5,013 ar an líon foriomlán fostaithe san earnáil phoiblí. Thug an líon foriomlán fostaithe i gcomhlachtaí poiblí ina bhfuil státseirbhísigh mar fhoireann méadú 568 fostaí le fios. Anuas air sin, tháinig méadú 195 duine ar an earnáil tráchtála. Thaispeáin na catagóirí eile de chomhlachtaí laghdaithe ar an líon iomlán fostaithe. I dtaobh fostaithe faoi mhíchumas, nochtann figiúirí 2013 cailteanas 147 fostaí sa chatagóir seo i gcomparáid le figiúirí 2012.

Tugtar breac-chuntas ar na figiúirí ó gach saghas comhlachta phoiblí agus léirítear iad ar Thábla 2.

Comhlachtaí Tráchtála

Áirítear le hearnáil na gcomhlachtaí tráchtála cuideachtaí iompair agus fuinnimh an stáit agus in 2013, b'ionann seo agus 18.5% de lucht saothair na hearnála poiblí. In 2012, thug na comhlachtaí tráchtála le fios gur fhostaigh siad 35,329 duine, lena áiríodh 1,460 (4.1%) comhalta foirne faoi mhíchumas. Tugann sonraí 2013 don eárnáil seo le fios gur tháinig méadú 195 ar an líon foriomlán fostaithe aníos go dtí 35,524 agus tháinig méadú ar an líon fostaithe a thug le fios go raibh siad faoi mhíchumas aníos ó 78 go dtí 1,538 (4.3%). San eárnáil seo, bhain 67.7% de na comhlachtaí an sprioc amach, ar méadú 5.6% é seo i gcomparáid le figiúr 2012 (62.1%).

Ranna Rialtais

Is ionann ranna rialtais agus thart ar dhuine as gach deichniúr fostaí san eárnáil phoiblí. In 2013, d'fhostaigh na 17 roinn Rialtais 20,119 duine, lena n-áirítear 877 (4.4%) duine a thug le fios go raibh siad faoi mhíchumas. Méadú beag seo ar fhigiúr 2012 (4.3%). Sháraigh gach ceann de na 17 roinn an sprioc 3% don dara bliain as a chéile. Thug an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige an céatadán ab airde le fios (6.7%).

Rialtas Áitiúil

Is ionann an eárnáil rialtais áitiúil agus beagán faoi bhun 16% den lucht saothair eárnála poiblí agus áirítear léi comhairlí cathrach agus contae agus comhlachtaí údaráis áitiúil eile. Ar an iomlán, fostaíodh 30,468 duine san eárnáil rialtais áitiúil in 2013. Áirítear leis seo 1,223 (4.0%) duine a thug le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas. Méadú 123 duine é seo aníos ó fhigiúirí 1,346 (4.3%) 2012 den fhoireann a bhí faoi mhíchumas. Bhain 75.6% de na comhlachtaí rialtais áitiúil an sprioc amach, ar laghdú seo anuas ó 81% in 2013.

Comhlachtaí Neamhthráchtála

Seo an eárnáil is mó sa tseirbhís phoiblí agus is ionann í agus nach mór leath den lucht saothair eárnála poiblí. Cuimsíonn sí an fostóir is mó san eárnáil phoiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Tá comhlachtaí sláinte, na hInstitiúidí Teicneolaíochta, comhlachtaí cultúrtha ar nós an Cheoláráis Náisiúnta agus comhlachtaí comhairleacha ar nós Údarás um Shábháilteacht Bhia na hÉireann san eárnáil seo chomh maith. In 2013, d'fhostaigh an eárnáil seo 91,939 duine as ar thug 2,339 (2.5%) díobh le fios go raibh siad faoi mhíchumas. Seo an t-aon eárnáil ar theip uirthi an sprioc 3% a bhaint amach in 2013. Tháinig laghdú 4,670 ar na figiúirí foriomlána fostaíochta don eárnáil neamhthráchtála ó 2012 i leith. Tháinig laghdú 142 ar an líon foirne a thug le fios go raibh siad faoi mhíchumas anuas ó

2,481 in 2012. Bhain 39.4% de na comhlachtaí poiblí san earnáil seo an sprioc 3% amach i 2013. Laghdú atá ann seo ar fhiigiúr 44% 2012.

Comhlachtaí Poiblí ina bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann (PBCS)

Is ionann na comhlachtaí seo agus thart ar 7.5% den lucht saothair earnála poiblí. Áirítear leis an earnáil seo comhlachtaí a rangáítear a bhfoireann mar státseirbhísigh, ar nós an Bhoird Phleanála, na gCoimisinéirí Ioncaim, na Príomh-Oifige Staidrimh agus na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. In 2013, d'fhostaigh an earnáil seo 14,525 duine as ar thug 487 (3.4%) díobh le fios go raibh siad faoi mhíchumas. Méadú é seo ar fhiigiúr 2012 nuair a bhí 13,957 fostaí ann as ar thug 451 (3.2%) díobh le fios go raibh siad faoi mhíchumas. Bhain 61.7% de na gníomhaireachtaí seo an sprioc fostaíochta amach in 2013, i gcomparáid le 65.2% in 2012.

Achoimre

Léirigh na líonta fostaíthe a bhí faoi mhíchumas sna catagóirí rialtais áitiúil agus neamhthráchtála laghduithe 123 agus 142 duine, faoi seach. Bhain tromlach na laghduithe seo le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Léirigh gach earnáil eile méadú ar an bhfoireann a bhí faoi mhíchumas. Tá na laghduithe seo i gcomhthéacs laghduithe ar na líonta foriomlána a fhostáítear sna catagóirí siúd.

Go hachomair, taispeánann sonraí 2013 laghdú foriomlán 147 comhalta foirne a thug le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas, ach baineadh amach an sprioc fhoriomlán ar chéatadán 3.4%. Léiríonn sé freisin laghdú 5,013 ar an líon iomlán comhalta foirne a fostaíodh san earnáil phoiblí. Leanann seo an patrún laghduithe a tugadh faoi deara le blianta roimhe seo. Mar thoradh air sin, d'fhan an céatadán foriomlán daoine atá faoi mhíchumas os cionn na sprice don tríú bliain as a chéile. Bhain breis agus 50% de ghníomhaireachtaí an sprioc amach i mbliana.

Tábla 2: Sonraí de réir shaghas an chomhlachta poiblí in 2012 agus in 2013

| Saghas an chomhlachta earnála poiblí | Iomlán na foirne | An líon foirne faoi mhíchumas | An % foirne faoi mhíchumas | An % den lucht saothair iomlán | An % a bhain an sprioc amach |
|--------------------------------------|------------------|-------------------------------|----------------------------|--------------------------------|------------------------------|
| Tráchtála 2013 | 35,524 | 1,538 | 4.3% | 18.5% | 67.7% |
| Tráchtála 2012 | 35,329 | 1,460 | 4.1% | 17.9% | 62.1% |
| Athrú 2012/13 | +195 | +78 | +0.2% | +0.6% | 5.6% |
| Roinn Rialtais 2013 | 20,119 | 877 | 4.4% | 10.5% | 100.0% |
| Roinn Rialtais 2012 | 20,384 | 873 | 4.3% | 10.3% | 100.0% |
| Athrú 2012/13 | -265 | +4 | +0.1% | +0.2% | - |
| Rialtas Áitiúil 2013 | 30,468 | 1,223 | 4.0% | 15.8% | 75.6% |
| Rialtas Áitiúil 2012 | 31,309 | 1,346 | 4.3% | 15.8% | 81.1% |
| Athrú 2012/13 | -841 | -123 | -0.3% | - | -5.5% |
| Neamhthráchtála 2013 | 91,939 | 2,339 | 2.5% | 47.7% | 39.4% |
| Neamhthráchtála 2012 | 96,609 | 2,481 | 2.6% | 48.9% | 44.0% |
| Athrú 2012/13 | -4,670 | -142 | -0.1% | -1.2% | -4.6% |
| An PBCS 2013 | 14,525 | 487 | 3.4% | 7.5% | 61.7% |
| An PBCS 2012 | 13,957 | 451 | 3.2% | 7.1% | 65.2% |
| Athrú 2012/13 | +568 | +36 | +0.2% | +0.4% | -3.5% |
| Iomláin 2013 | 192,575 | 6,464 | 3.4% | 100% | 55.7% |
| Iomláin 2012 | 197,588 | 6,611 | 3.3% | 100% | 58.1% |
| Athrú 2012/13 | -5,013 | -147 | +0.1% | | -2.4% |

1.3 Anailís de réir mhéid an chomhlachta earnála poiblí

Ar nós blianta roimhe seo, tá beagán faoi bhun leath na bhfostaithe earnála poiblí fostaithe sna heagraíochtaí is mó, an chatagóir 5,000+. Seo an t-aon chatagóir mhéide ar theip uirthi an sprioc 3% a bhaint amach nuair a thug 2.8% d'fhostaithe sa chatagóir le fios go raibh siad faoi mhíchumas.

Déantar cur síos ar na catagóirí aonair méide thíos agus léirítear an fhaisnéis ar Thábla 3.

Comhlachtaí beaga poiblí (níos lú ná 50 comhalta foirne)

Bhí 113 comhlacht poiblí sa chatagóir seo in 2013. Áirítear leis seo na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach ina raibh triúr foirne, ar an meán. Méadú 4 dhuine é seo ar fhiigiúirí 2012. Nochtann sonraí 2013 go n-oibríonn 1,645 comhalta foirne i gcomhlachtaí poiblí sa chatagóir seo agus gur thug 62 (3.8%) le fios go raibh siad faoi mhíchumas. Laghdú 4 dhuine é seo anuas ó fhiigiúr 66 (4.1%) 2012, in ainneoin méadú beag ar an líon fostaithe sa chatagóir seo.

Is ionann an chatagóir seo agus 1% den lucht saothair foriomlán earnála poiblí.

Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 50 agus 99 comhalta foirne

In 2013, b'ann do 24 comhlacht poiblí sa chatagóir seo, ar laghdú 3 chomhlacht ní ba lú seo ná mar a bhí in 2012. Tháinig laghdú 254 fostaí ar an gcatagóir seo, anuas ó 2,090 in 2012 go dtí 1,836 in 2013. Ar a shon sin, d'fhan an líon fostaithe a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas ag figiúr 72 na bliana 2012. Eascraíonn méadú 0.5%, aníos ó 3.4% go dtí 3.9% as seo ar an gcéatadán foirne atá faoi mhíchumas sa chatagóir seo.

Is ionann an chatagóir seo agus 1% den lucht saothair foriomlán earnála poiblí.

Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 100 agus 499 comhalta foirne

Bhí 72 comhlacht poiblí sa chatagóir seo in 2013, ar méadú 1 chomhlacht seo aníos ó fhiigiúr 2012. Tháinig méadú ar an líon foriomlán 426 d'fhoireann sa chatagóir seo, ach tháinig laghdú 19 bhfostaí ar an líon fostaithe a d'fhógair go raibh siad faoi mhíchumas (anuas ó 800 go dtí 781). D'fhan an céatadán foirne a bhí faoi mhíchumas os cionn na sprice (4.1%).

B'ionann an chatagóir seo agus beagán faoi bhun 10% den lucht saothair foriomlán earnála poiblí in 2013.

Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 500 agus 999 comhalta foirne

Is ionann an chatagóir seo agus 11% den lucht saothair earnála poiblí. Thuairiscigh comhlacht poiblí breise amháin sa chatagóir in 2013, agus mhéadaigh sin an líon comhlachtaí aníos go dtí 31. Thug an chatagóir seo méaduithe le fios ar an líon foirne (méadaithe 257 aníos go dtí 21,453) agus ar an líon foirne a bhí faoi mhíchumas (méadú 45 aníos chuig 881). Tháinig méadú ar an gcéatadán foirne a bhí faoi mhíchumas aníos chuig 4.1%.

Comhlachtaí poiblí ina bhfuil idir 1,000 agus 4,999 comhalta foirne

Fostaithe iad 31% den fhoireann earnála poiblí in 27 comhlacht poiblí ina bhfuil idir 1,000 agus 4,999 comhalta foirne. Thuairiscigh an chatagóir seo laghdú ar an líon foirne (laghdú 530 go dtí 53,683) agus ar an líon foirne a bhí faoi mhíchumas (méadú 109 go dtí 2,020). Tháinig méadú ar an gcéatadán foirne a bhí faoi mhíchumas go dtí 3.8%.

Comhlachtaí poiblí ina bhfuil breis agus 5,000 comhalta foirne

Níl ach 6 chomhlacht mhóra sa chatagóir 5000+, agus tá beagán faoi bhun leath na foirne uile eárnála poiblí fostaithe sa chatagóir seo. Is iad na comhlachtaí poiblí:

- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Na Coimisinéirí Ioncaim
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- An Post
- Bord Soláthair an Leictreachais

Tá 41% den fhoireann eárnála poiblí a thug le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas ina bhfostaithe sa chatagóir seo in 2013. Ar an iomlán, tháinig laghdú 4,935 ar na líonta fostaithe anuas go dtí 95,068 in 2013 sa chatagóir seo agus tháinig laghdú 278 ar an líon foirne a bhí faoi mhíchumas anuas go dtí 2,648. Is éard a d'eascair as seo ná laghdú 2.9% ar an gcéatadán foirne a bhí faoi mhíchumas in 2012 anuas go dtí 2.8% in 2013.

Tábla 3: Sonraí de réir shaghas an chomhlachta poiblí, athruithe in 2013-12

| An Líon Foirne | Bliain | An Líon Comhlachtaí Poiblí | Iomlán na foirne | An líon foirne faoi mhíchumas | An % foirne faoi mhíchumas | An % den lucht saothair | An % den lucht saothair faoi mhíchumas |
|--------------------|--------|----------------------------|------------------|-------------------------------|----------------------------|-------------------------|--|
| 1 – 49 | 2013 | 113 | 1,645 | 62 | 3.8% | 0.9% | 1.0% |
| | 2012 | 109 | 1,620 | 66 | 4.1% | 0.8% | 1.0% |
| Athrú 12/13 | | 4 | +25 | -4 | -0.3% | +0.1% | - |
| 50-99 | 2013 | 24 | 1,836 | 72 | 3.9% | 1.0% | 1.1% |
| | 2012 | 27 | 2,090 | 72 | 3.4% | 1.0% | 1.1% |
| Athrú 12/13 | | -3 | -254 | - | +0.5% | - | - |
| 100-499 | 2013 | 72 | 18,891 | 781 | 4.1% | 9.8% | 12.1% |
| | 2012 | 71 | 18,465 | 800 | 4.3% | 9.4% | 12.1% |
| Athrú 12/13 | | +1 | +426 | -19 | -0.2% | +0.4% | - |
| 500-999 | 2013 | 31 | 21,453 | 881 | 4.1% | 11.1% | 13.6% |
| | 2012 | 30 | 21,196 | 836 | 3.9% | 10.7% | 12.6% |
| Athrú 12/13 | | +1 | +257 | +45 | +0.2% | +0.4% | +1 |
| 1000-4,999 | 2013 | 27 | 53,683 | 2,020 | 3.8% | 27.9% | 31.3% |
| | 2012 | 27 | 54,213 | 1,911 | 3.5% | 27.4% | 28.9% |
| Athrú 12/13 | | - | -530 | +109 | +0.3% | +0.5% | +2.4% |
| 5,000 + | 2013 | 6 | 95,068 | 2,648 | 2.8% | 49.4% | 41.0% |
| | 2012 | 6 | 100,003 | 2,926 | 2.9% | 50.6% | 44.3% |
| Athrú 12/13 | | - | -4,935 | -278 | -0.1% | -1.2% | -3.3 |
| Iomlán 2013 | 2013 | 273 | 192,575 | 6,464 | 3.4% | 100% | 100% |
| Iomlán 2012 | 2012 | 270 | 197,588 | 6,611 | 3.3% | 100% | 100% |
| Athrú 12/13 | | +3 | -5,013 | -147 | +0.1 | - | - |

2. An Próiseas Monatóireachta

2.1 Spriocdhátaí a thuairisciú

Seo an t-ochtú bliain ina bhfuil monatóireacht á déanamh ag an Údarás Náisiúnta Míchumais ar fostaíocht san earnáil poiblí. Cuimsíodh na forálacha reachtúla le haghaidh tuairisciú i gCuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, agus cuireadh an chéad tuarascáil i dtoll a chéile chun fostaíocht earnála poiblí a chuimsiú le haghaidh 2006. Cuireadh líon feabhsúcháin theicniúla i bhfeidhm ar fhormáid táblaí sonraí a soláthraíodh in 2014 a d'éascaigh próiseáil sonraí.

In 2014, sheol an chuid ba mhó de na ranna Rialtais a dtuairisceáin ar ais faoin spriocdháta reachtúil an 30 Meitheamh. Soláthraíodh na tuairisceáin ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 2 Iúil 2014. Áirítear leis na tuairisceáin seo fostaíocht i ngach roinn Rialtais agus comhlacht poiblí ina bhfuil státseirbhísigh mar fhoireann.

Seoladh na tuairisceáin ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil isteach go sealadach an 18 Iúil 2014, agus fuarthas dearbhú deiridh an 5 Meán Fómhair 2014. Le déanaí chuir Institiúid Teicneolaíochta Atha Cliath in iúl dúinn go ndearna said botún faoin líon iomlán foirne acu, agus rinneamar ceartaithe dá bharr Tá ar gach tuairisceán bailíochtú sonraí agus anailís iomlán a chumasú ag an Údarás Náisiúnta Míchumais. Cuireadh roinnt feabhsúcháin eile ar an bpróiseas monatóireachta i bhfeidhm le haghaidh thuairisceán 2013.

2.2 Errata – athruithe i ndiaidh an dáta foilsithe

Ó thráth go chéile, cuirtear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ar an eolas ar earráidí ar shonraí a seoladh ar aghaidh roimhe seo. Sa chás nach mbíonn tionchar ábhartha ag na hathruithe siúd ar an gcéatadán foriomlán daoine atá faoi mhíchumas san earnáil poiblí a sháraíonn +0.1% nó -0.1%, moltar, amach anseo, cé go n-athrófaí na sonraí don chomhlacht poiblí aonair, ní dhéanfaí téacs mionsonraithe tuarascálacha amach anseo a leasú chun an fhaisnéis leasaithe a chur in iúl.

3. Na hathruithe a thuiscint

In 2013, bhí an moratóir ginearálta ar earcaíocht i bhfeidhm i gcónaí i measc fhormhór na hearnála poiblí, agus ní dhearnadh ach earcaíocht theoranta a cheadú. Sa mhullach air sin, spreagadh luathscor mar chuid den chlár chun méid na seirbhíse poiblí a laghdú.

3.1 Athruithe de réir shaghas na hearnála

Ba bheag athrú a tháinig ar an gcéatadán foriomlán daoine a bhí faoi mhíchumas a bhí fostaithe san earnáil phoiblí idir 2012 agus 2013.

Nuair a dhéantar scrúdú ar na figiúirí i dtaobh shaghas an chomhlachta earnála poiblí, tugtar laghduithe faoi deara ar an líon daoine atá faoi mhíchumas atá fostaithe sna hearnálacha Rialtais Áitiúil (123 duine) agus Neamhthráchtála (142 duine). Bhí méaduithe beaga le sonrú sna hearnálacha eile ar líonta foirne atá faoi mhíchumas. I dtaobh na líonta foriomlána a bhí fostaithe, léirigh an earnáil Rialtais Áitiúil an laghdú ba mhó céatadán (-0.3%), ach léirigh na hearnálacha Tráchtála agus PBCS méadú beag (0.2%).

San earnáil Rialtais Áitiúil, thug Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath laghdú 126 fostaí a bhí faoi mhíchumas le fios. Tháinig laghdú ar an gcéatadán fostaithe a bhí faoi mhíchumas anuas ó 5% go dtí 3%. Tháinig laghdú 203 duine ar an líon iomlán daoine a bhí fostaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa bhliain chéanna. Thug go leor comhlachtaí eile san earnáil seo athruithe beaga le fios ar fhostú daoine atá faoi mhíchumas, ach is ábhar buartha, áfach, laghdú 2% i gceann de na comhlachtaí poiblí móra.

Shoiléirigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha gur bhain an t-athrú seo le hathrú sa chur chuige i leith fostaithe a chomhaireamh atá faoi mhíchumas. Thug rúnaí an Choiste Monatóireachta le fios:

“Gach bliain tugann Comhairle Cathrach Bhaile Átha faoi dhaonáireamh ar an bhfoireann mhíchumais. Úsáidtear na figiúirí a eascraíonn as chun an tuairisceán Míchumais a chríochnú. I mblianta roimhe seo, sa chás nár tharla gur bhain na figiúirí seo, leo féin, an sprioc 3% amach, chuirfidís liostaithe den fhoireann leis na figiúirí seo atá acu san Oifig Chomhionannais arb eol dóibh atá faoi mhíchumas ach nár dhearbhaigh amhlaidh ina dtuairisceán míchumais. I gcás thuairisceán 2013, bhain siad an spriocfhigiúr 3% amach gan é a bheith riachtanach an fhoireann seo a chur san áireamh. Seo í an chúis atá leis an athrú ar na figiúirí.”

Mholfadh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais cur chuige comhsheasmhach i leith bailiú sonraí lena chinntiú gur féidir na figiúirí a sheoltar ar ais le haghaidh anailíse a chur i gcomparáid le blianta roimhe sin.

San earnáil Neamhthráchtála, thug FSS laghdú suntasach 177 fostaí le fios a bhí faoi mhíchumas. Nuair a chuirtear méid na heagraíochta agus an laghdú foriomlán a tháinig ar fhostaithe FSS san áireamh, bhí laghdú beag céatadán le sonrú – anuas ó 2.2% go dtí 2.0%. Ábhar buartha, áfach, atá sa laghdú ar an líon foriomlán fostaithe atá faoi mhíchumas san fhostóir is mó sa stát. Níor sholáthair FSS aon

mhíniú ar leith ar an laghdú seo, seachas an ráiteas ina luaitear “d’fhág líon ard daoine ón tacar sonraí le bliain féilire anuas”. Beidh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais ag iarraidh ar bhreis faisnéise a fháil ó FSS faoi phróiseas reachtúil Alt 49 den Acht um Míchumas.

Ghlac Comhairle Cathrach Bhaile Átha agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte páirt i gclár Saintreorach an Údaráis Náisiúnta Mhíchumais le blianta beaga anuas.

3.2 Athruithe de réir shaghas an chomhlachta

Bhí méadú le sonrú sna catagóirí 500-999 agus 1,000-4,999 ar an líon foirne a bhí faoi mhíchumas. Ba í an chatagóir ab airde an chatagóir 5,000+ inar tugadh le fios go raibh cailteanas 278 duine faoi mhíchumas. Tá sé ghníomhaireacht sa chohórt seo, lena n-áirítear Bord Soláthair an Leictreachais, An Post, Comhairle Cathrach Bhaile Átha, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí. Bhí laghdú le tabhairt faoi deara i ngach gníomhaireacht sa ghrúpa seo ar an líon foriomlán foirne, agus bhí laghdú 4,935 le sonrú i measc na catagóire seo. I dtaobh fostaithe a thug le fios go raibh siad faoi mhíchumas, thug ceithre de na sé ghníomhaireacht cailteanais anseo (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na Coimisinéirí Ioncaim, Comhairle Cathrach Bhaile Átha agus Bord Soláthair an Leictreachais); d’fhan gníomhaireacht amháin mar an gcéanna (an Roinn Coimirce Sóisialaí) agus mhéadaigh ceann amháin na líonta foirne a bhí faoi mhíchumas (An Post). Léirítear an fhaisnéis seo i dTábla 4.

Tábla 4: Athruithe a tugadh le fios in 2012-2013 ar Chomhlachtaí Poiblí a fhostaíonn breis agus 5,000 comhalta foirne

| Ainm an Chomhlachta | Bliain | Iomlán na foirne | An líon foirne faoi mhíchumas a cuireadh i dtaifead | An % foirne faoi mhíchumas |
|--|--------|------------------|---|----------------------------|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2013 | 61,458 | 1,236 | 2.0% |
| | 2012 | 65,687 | 1,413 | 2.2% |
| Athrú 2012/13 | | -4,229 | -177 | -0.2% |
| An Post | 2013 | 9,094 | 473 | 5.2% |
| | 2012 | 9,288 | 432 | 4.7% |
| Athrú 2012/13 | | -194 | +41 | +0.5% |
| An Roinn Coimirce Sóisialaí | 2013 | 6,987 | 315 | 4.5% |
| | 2012 | 7,148 | 315 | 4.4% |
| Athrú 2012/13 | | -161 | - | -0.1% |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 2013 | 6,141 | 160 | 2.6% |
| | 2012 | 6,175 | 163 | 2.6% |
| Athrú 2012/13 | | -34 | -3 | - |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha | 2013 | 5,899 | 178 | 3.0% |
| | 2012 | 6,102 | 304 | 5.0% |
| Athrú 2012/13 | | -203 | -126 | -2.0% |
| Bord Soláthair an Leictreachais | 2013 | 5,489 | 286 | 5.2% |
| | 2012 | 5,603 | 299 | 5.3% |
| Athrú 2012/13 | | -114 | -13 | -0.1% |
| Iomlán 2013 | | 95,068 | 2,648 | 2.8% |
| Iomlán 2012 | | 100,003 | 2,926 | 2.9% |
| Athrú 2012/13 | | -4,935 | -278 | -0.1% |

3.3 Na hathruithe is airde ar fhostaithe a thug le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas

Thug sé chomhlacht méaduithe de bhreis ar 15 le fios ar an líon daoine a bhí fostaite a bhí faoi mhíchumas. Is iad na comhlachtaí An Post (+41), Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (+40), an tÚdarás Clárúcháin Maoine (+28), Raidió Telefís Éireann (+19), Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (+24) agus Ospidéal Naomh Séamas (+23).

Thug An Post sonraí le fios faoi chlár fairsing a bhí á oibriú ar fud na heagraíochta. Tá Coiste Stiúrtha Míchumais i bhfeidhm acu. Oibríonn siad i gcomhpháirtíocht le ceardchumann, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, an Institiúid um Míchumas Meabhrach ag Coláiste na Tríonóide, See Change agus cinn eile.

Thug ceithre chomhlacht poiblí laghduithe de bhreis ar 15 dhuine le fios ar an líon daoine a bhí fostaite a bhí faoi mhíchumas. Is iad Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (-177), Comhairle Cathrach Bhaile Átha (-126), EirGrid Plc (-26) agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (-16). Tá FSS fós faoi bhun na

sprice 3%, agus tá na trí chomhlacht eile fós os cionn na sprice 3%, in ainneoin na laghduithe seo.

4. An bealach ar aghaidh

4.1 Athbhreithniú ar mholtaí 2012

Leagadh amach i dTuarascáil 2012 ar Chomhlíonadh Chuid Part 5 den Acht um Míchumas, 2005 na príomhghníomhartha atá le déanamh chun an sprioc 3% a bhaint amach agus a shárú maidir le daoine atá faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí:

- An sprioc 3% a chomháireamh i bpleanáil an lucht saothair
- Tarraingt ar thaithí ar éirigh léi
- Monatóireacht níos éifeachtaí

An sprioc 3% a chomháireamh i bpleanáil chun cinn don fhórsa oibre

Is beag fianaise atá ar fáil ón gcuid cháilíochtúil d'aighneachtaí bliantúla lena thabhairt le fios go bhfuil an sprioc 3% á comháireamh isteach i bpleanáil an lucht saothair san earnáil phoiblí. Nuair a iarradh ar na bearta a rinneadh chun an fhoráil seo a chomhlíonadh a thabhairt le fios, ní dhearna ach comhlacht poiblí amháin tagairt don bheartas fadseasta foriomlán AD a bhaineann le héagsúlacht agus comhionannas. Sa chuid chainníochtúil de na haighneachtaí bliantúla, nuair a fiafraíodh an bhfuil an comhlacht faoi réir cód cleachtais ar dhaoine a fhostú atá faoi mhíchumas, thug breis agus 69% de na comhlachtaí freagairt dhearfach. Rinne go leor comhlachtaí poiblí tagairt don Chód Cleachtais maidir le Daoine atá faoi Míchumas a Fhostú i Státseirbhís na hÉireann, agus bhí beartas inti ar leith ag comhlachtaí eile. Ar a shon sin, is beag a thugtar le fios go gcruthaínn an sprioc 3% cuid lárnach de phleanáil an lucht saothair i gcomhlachtaí poiblí.

Aithníonn an tÚdarás Náisiúnta Míchumais gur chruthaigh an lánchosc earnála poiblí timpeallacht dhúshlánach do go leor comhlachtaí poiblí chun tabhairt faoi phleanáil réamhghníomhach maidir le daoine a earcú atá faoi mhíchumas. Agus aird ar an ngeilleagar atá ag dul i mbun feabhais agus na forálacha reachtúla a leag sprioc fostaíochta míchumais amach, molaimid gur cheart go mbeadh an phleanáil réamhghníomhach sin ina príomhcheist don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar a bhfuil freagracht fhoriomlán as líonta na hearnála poiblí. Ceist atá ann, chomh maith, nach mór do chomhlachtaí poiblí breithniú a dhéanamh uirthi, go háirithe iad siúd a bhfuil féinrialáil acu ar a leibhéal soláthair foirne agus earcaíocht.

Tarraingt ar thaithí ar éirigh léi

Tugadh faoi deara i dtuarascáil 2012 an tábhacht a bhaineann le foghlaim ón rath a bhí ar eagraíochtaí eile. Leagadh amach gnéithe áisiúla de chur chuige réamhghníomhach i leith na líonta daoine atá faoi mhíchumas a mhéadú atá fostaithe san earnáil phoiblí:

- Ceannaireacht a sholáthar ón lucht ceannais ar fhostaíocht míchumais
- Pleanáil a dhéanamh do chultúr dearfach oibre
- Tacú le fostaithe reatha chun fanacht san obair – an fhoireann siúd atá faoi mhíchumas anois, agus iad siúd a d’fhéadfadh bheith thíos le míchumas amach anseo
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus cleachtais phearsanra lena chinntiú go mbíonn éifeacht acu ar na dualgais dhlíthiúla chun “fostaíocht daoine atá faoi mhíchumas a chur chun cinn agus chun tacú léi” (an tAcht um Míchumas) mar aon le dualgais faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta
- Pleanáil a dhéanamh do thimpeallacht inrochtana oibre, lena n-áirítear tabhairt faoi iniúchtaí rochtana ar áitribh
- Ag foghlaim ó dhea-chleachtas san earnáil phoiblí, trí idirchaidreamh le comhchomhlachtaí a bhain an rath amach, agus trí nascadh a dhéanamh leis na líonraí ábhartha seirbhíse poiblí.

Thug go leor comhlachtaí poiblí dul chun cinn le fios ar roinnt mhaith de na gnéithe seo ina n-aighneachtaí.

Monatóireacht níos éifeachtaí

Rinne an tÚdarás Náisiúnta Míchumais trí phríomh-mholadh i dtuarascáil 2012 faoi athruithe ar phróisis mhonatóireachta amach anseo:

- Sonraí cuimsitheacha agus iontaofa a chinntiú
- Comhlíonadh na spriocdhátaí reachtúla
- Próisis aistrithe

Leanann an próiseas monatóireachta le sonraí cuimsitheacha agus iontaofa a sholáthar faoi dhaoine atá faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Foilseofar sonraí fostaíochta anois i bhformáid ‘Sonraí Oscailte’ den chéad uair chun úsáid níos fairsinge a bhaint as na sonraí a chur chun cinn.

Bhí dea-chomhlíonadh na spriocanna reachtúla le sonrú, den chuid ba mhó i dtuarascáil 2013. Ní raibh ach Roinn amháin – an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil – déanach go hábhartha. Tugann cineál na bhfiosrúchán ó chomhlachtaí poiblí i rith bhailiú agus athbhreithniú na n-aighneachtaí do

